Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Iúil 2024
(OR. en)

11674/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0151 (NLE)**

ECOFIN 772
UEM 188
FIN 637
CADREFIN 116

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ghearmáin an plean téarnaimh agus athléimneachta (‘RRP’) náisiúnta a chur isteach an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021’)[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 an 14 Feabhra 2023[3] agus an 8 Nollaig 2023[4].

(2) An 30 Aibreán 2024 chuir an Ghearmáin RRP leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(3) An 30 Aibreán 2024, rinne an Ghearmáin freisin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an RRP leasaithe a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá RRP leasaithe curtha isteach ag an nGearmáin. Cuireadh isteach an RRP leasaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, próiseas a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an RRP náisiúnta leasaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP leasaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

---

[2] Féach doiciméid ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1 atá ar fáil ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméad ST 536/23 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméad 15572/23 ag http://register.consilium.europa.eu.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(4) Na leasuithe ar an RRP a chuir an Ghearmáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le hocht mbeart.

(5) Tá mínithe ag an nGearmáin nach féidir dhá bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh san amlíne cur chun feidhme ar leith mar gheall ar easpa foirne oilte TF. Tháinig méadú suntasach ar an nganntanas gairmithe TF tar éis phaindéim COVID-19 faoi dheireadh 2022. Mar thoradh ar an éileamh méadaithe ar ghairmithe TF ar fud earnálacha éagsúla, tháinig méadú ar iomaíocht fostóirí agus ba dhúshlán do sholáthraithe TF ansin é seirbhísí a mhéadú. Baineann sé sin le sprioc 102 d’infheistíocht 5.1.2 (Clár chun go mbeadh ospidéil slán i bhfad na haimsire) faoi chomhchuid 5.1 (Córas sláinte atá athléimneach ó thaobh paindéime de a neartú) agus sprioc 113 d’athchóiriú 6.1.2 (Digitiú chur chun feidhme riaracháin an Ghnímh um Rochtain ar Líne) faoi chomhchuid 6.1 (Riarachán poiblí nua-aimseartha). Ar an mbonn sin, d’iarr an Ghearmáin go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 102, go leasófaí sprioc 113A agus go gcuirfí sprioc nua 113A isteach chun an chuid nach féidir a bhaint amach a thuilleadh laistigh den spriocdháta cur chun feidhme atá i gceist a chur siar. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Tá mínithe ag an nGearmáin nach féidir sprioc amháin a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne cur chun feidhme ar leith mar gheall ar cheanglais mhéadaithe slándála TF a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Baineann sé sin le sprioc 85 d’infheistíocht 3.1.4 (Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú) faoi chomhchuid 3.1 (Digitiú an oideachais). Ar an mbonn sin, d’iarr an Ghearmáin go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 85. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Tá mínithe ag an nGearmáin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar an éileamh ar thacaíocht atá níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar staid fheabhsaithe mhargadh na bprintíseachtaí agus mar gheall ar an tacaíocht phrintíseachta gan choinne a chuireann an earnáil phríobháideach féin ar fáil. Baineann sé sin le sprioc 91 d'infheistíocht 4.1.3 (Tacaíocht printíseachta) faoi chomhchuid 4.1 An cuimsiú sóisialta a neartú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go laghdófaí sprioc eisíocaíochta 91 chomh maith le costas an bhirt. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Ghearmáin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall mar gheall ar fhoilsiú moillithe an rialacháin cur chun feidhme ón gCoimisiún lena leagtar amach sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla córais theicniúil le haghaidh malartú uathoibríoch fianaise idir údaráis inniúla i mBallstáit éagsúla, atá le glacadh de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Bhí gá freisin le hailtireacht TF ar fud na tíre a chruthú chun bonneagar TF leordhóthanach a fhorbairt. Baineann sé sin le spriocanna 115 agus 116 d'athchóiriú 6.1.3 (Digitiú an riaracháin – nuachóiriú na gclár) faoi chomhchuid 6.1 (Riarachán poiblí nua-aimseartha). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go gcuirfí síneadh leis an amlíne cur chun feidhme le haghaidh spriocanna 115 agus 116 agus go leasófaí sprioc 116. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

---

[5] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

(9) Mhínigh an Ghearmáin go bhfuil roghanna malartacha níos fearr ann chun dhá bheart a chur chun feidhme lena bhféadfaí uaillmhian bhunaidh na mbeart sin a bhaint amach. Cuirtear Sprioc 48A agus Sprioc 48B le hinfheistíocht 1.3.3 (Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh) faoi chomhchuid 1.3 (Athchóiriú agus tógáil atá neamhdhíobhálach don aeráid). An mhoill a bhaineann le cur chun feidhme rogha mhalartach níos fearr, baineann sé le sprioc 109 agus sprioc 110 d'athchóiriú 6.1.1 (Éiceachóras na céannachta Eorpaí) faoi chomhchuid 6.1 (Riarachán poiblí nua-aimseartha). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go gcuirfí spriocanna nua 48A agus 48B isteach agus go gcuirfí síneadh leis an amlíne cur chun feidhme le haghaidh spriocanna 109 agus 110. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an Ghearmáin nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh toisc nach raibh cuid de na conraitheoirí in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh gan choinne. Baineann sé sin le sprioc 43 d'infheistíocht 1.3.1 (Clár tacaíochta chun earnáil tógála adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go ndéanfaí aidhm sprioc 43 a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an nGearmáin, go bhfuil údar maith leis na leasú de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(12) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun an leithdháileadh nua REPowerEU, na leasuithe ar an RRP agus an amlíne tháscach a chuir an Ghearmáin i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúchán ar earráidí cléireachais*

(13) Sainaithníodh 21 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 30 garsprioc/sprioc agus do 21 bheart ina bhfuil 9 gcomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, ar earráidí iad nach léiríonn ábhar an RRP a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 28 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ghearmáin. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an méid seo a leanas: sprioc 2 d'infheistíocht 1.1.1 (Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna); spriocanna 8, 9 agus 10 d'infheistíocht 1.1.2 (Clár tacaíochta chun an tionsclaíocht a dhícharbónú); spriocanna 11 agus 13 d'infheistíocht 1.1.3 (Treoirscéim le haghaidh conarthaí maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin); sprioc 15 d'infheistíocht 1.1.4 (Taighde ar chosaint na haeráide a bhaineann le tionscadail); spriocanna 17, 18 agus 20 d'infheistíocht 1.1.5 (Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine) chomh maith le sprioc 21c d'infheistíocht 1.1.6 (Tacaíocht chónaidhme le haghaidh líonraí teasa éifeachtúla) faoi chomhchuid 1.1 (Dícharbónú trí úsáid a bhaint as hidrigin in-athnuaite go háirithe); sprioc 23 d'infheistíocht 1.2.1 (Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil) agus spriocanna 29 30 agus 30A d'infheistíocht 1.2.3 (Tacaíocht chun an cabhlach príobháideach a athsholáthar) faoi chomhchuid 1.2 (Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid); garsprioc 56 d'infheistíocht 2.1.3 (Bonneagar agus Seirbhísí Néalta IPCEI den Chéad Ghlúin Eile (IPCEI CIS)) faoi chomhchuid 2.1 (Sonraí mar amhábhar na todhchaí); spriocanna 66 agus 69 d'infheistíocht 2.2.3 (Ionad Taighde Digitithe agus Teicneolaíochta an *Bundeswehr*) faoi chomhchuid 2.2 (Digitiú an gheilleagair) chomh maith le garspriocanna 70, 71, 72 agus 72A d'infheistíocht 2.2.4 (Digitiú an iarnróid a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/chláir mhearghnímh chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' (SLP)) faoi chomhchuid 2.2 (Digitiú an gheilleagair);

sprioc 77 d'infheistíocht 3.1.2 (Ardán oideachais) agus sprioc 80 d'infheistíocht 3.1.3 (Ionaid oideachais barr feabhais) faoi chomhchuid 3.1 (Digitiú an oideachais); spriocanna 87 agus 88 d'infheistíocht 4.1.1 ('Clár infheistíochta 'Cúram Leanaí - maoiniú 2020/21') agus garsprioc 97 d'athchóiriú 4.1.5 (Forléargas Pinsin Digitigh) de chomhchuid 4.1 (An cuimsiú sóisialta a neartú); agus sprioc 106 d'infheistíocht 5.1.3 (Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíne in aghaidh SARS-COV-2 a bhfuil géarghá léi) faoi chomhchuid 5.1 (Córas cúraim sláinte atá athléimneach ó thaobh paindéime de a neartú) chomh maith le sprioc 117 d'athchóiriú 6.2.1 (Clár comhpháirteach an rialtais chónaidhme agus na *Länder* le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí) faoi chomhchuid 6.2 (Bacainní ar infheistíocht a laghdú). Thairis sin, baineann earráidí cléireachais leis an méid seo a leanas: an tuairisc ar infheistíocht 1.1.1 (Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna) agus leis an tuairisc ar infheistíocht 1.1.3 (Treoirscéim le haghaidh conarthaí maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin) faoi chomhchuid 1.1 (Dícharbónú trí úsáid a bhaint as hidrigin in-athnuaite go háirithe); an tuairisc ar infheistíocht 1.2.3 (Tacaíocht chun an cabhlach príobháideach a athsholáthar) de chomhchuid 1.2 (Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid); an tuairisc ar infheistíocht 1.3.1 (Clár tacaíochta chun tógáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.3 (Athchóiriú agus tógáil atá neamhdhíobhálach don aeráid); an tuairisc ar infheistíocht 2.1.2 (Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide IPCEI) chomh maith leis an tuairisc ar infheistíocht 2.1.3 (Bonneagar agus Seirbhísí Néalta IPCEI den Chéad Ghlúin Eile (IPCEI CIS)) faoi chomhchuid 2.1 (Sonraí mar amhábhar na todhchaí); an tuairisc ar infheistíocht 2.2.4 (Digitiú an iarnróid a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/chláir mhearghnímh chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' (SLP)) faoi chomhchuid 2.2 (Digitiú an gheilleagair) agus an tuairisc ar infheistíocht 3.1.1 (Clár le haghaidh feistí múinteoirí) faoi chomhchuid 3.1 (Digitiú an oideachais); agus an tuairisc ar athchóiriú 4.1.4 (Tacaíocht oideachais do dhaltaí a bhfuil riaráiste foghlama acu) de chomhchuid 4.1 (An cuimsiú sóisialta a neartú). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

***Caibidil REPowerEU atá bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241***

(14) Le caibidil REPowerEU, áirítear dhá athchóiriú nua agus infheistíocht nua amháin. Rannchuidíonn na hathchóirithe 'An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh' agus 'An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta' le hacmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a leathnú trí nósanna imeachta rialála a fheabhsú agus a chuíchóiriú. Leis an infheistíocht i gclár tacaíochta le haghaidh feithiclí iompair astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair agus an bonneagar gaolmhar, déantar soláthar feithiclí tráchtála atá neamhdhíobhálach don aeráid agus forbairt an bhonneagair athbhreoslaithe agus luchtaithe is gá a chur chun cinn. Ar deireadh, leis an infheistíocht in ardán digiteach chun dlús a chur le pleanáil agus formheas, dírítear ar dhlús a chur leis na próisis phleanála agus formheasa le haghaidh tionscadail bonneagair hidrigine agus ardáin dhigiteacha á n-úsáid chun nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú. Ar an iomlán, tá na bearta sin faoin gcaibidil REPowerEU ceaptha chun bonneagar fuinnimh a fheabhsú agus chun freastal ar riachtanais láithreacha slándála nó soláthair. Ní hamháin go dtacaíonn infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh gaoithe agus hidrigine le héagsúlú foinsí fuinnimh ach neartaíonn siad athléimneacht agus iontaofacht chóras fuinnimh na Gearmáine freisin. Trí sholáthar fuinnimh iléagsúil, iontaofa agus in-athnuaite a bhunú, cobhsófar costais fuinnimh, rud a thabharfaidh buntáistí do thomhaltóirí agus do tháirgeoirí araon ar fud an gheilleagair. Ós rud é gur gnách le grúpaí leochaileacha sciar níos mó dá n-ioncam a leithdháileadh ar thráchtearraí fíor-riachtanacha amhail fuinneamh, bíonn tionchar díréireach ag aon mhéadú ar phraghsanna ar na grúpaí sin. Dá bhrí sin, is féidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin cabhrú le luaineachtaí praghsanna san fhuinneamh a mhaolú, rud a rachaidh go mór chun tairbhe do na pobail is leochailí. Le caibidil REPowerEU, áirítear freisin bearta méadaithe a dhéanann difear do bheart 1.3.3 (Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh) faoi chomhchuid 1.3 (Athchóiriú agus tógáil atá neamhdhíobhálach don aeráid).

*Measúnú an Choimisiúin*

(15) Rinne an Coimisiún measúnú ar an RRP leasaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún*

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá san RRP leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(17) Leis an RRP bunaidh, cuireadh freagairt chuimsitheach chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta i láthair, rud a rannchuidíonn ar an gcaoi sin le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241, agus dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais na Gearmáine á gcur san áireamh.

(18) Measann an Coimisiún go bhfuil tionchar suntasach ag leasú an RRP lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an measúnú ar rannchuidiú an RRP leis an gcéad cholún maidir leis an aistriú glas, i gcás ina dtiocfaidh méadú suntasach ar an rannchuidiú. Go háirithe, leis na hathchóirithe atá beartaithe, méadaítear sciar na bhfoinsí in-athnuaite i meascán fuinnimh na Gearmáine, agus méadaítear na hinfheistíochtaí éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, rannchuidítear le dícharbónú an iompair lasta de bhóthar agus éascaítear nósanna imeachta formheasa le haghaidh croí-eangach hidrigine. Laghdaítear an leithdháileadh le haghaidh caiteachas digiteach beagán. Maidir leis na colúin eile, níl tionchar ag cineál agus méid na leasuithe atá beartaithe ar an RRP ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar an RRP ós rud é gurb ionann iad den chuid is mó agus freagairt chuimsitheach agus chuí chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, agus nach bhfuil tionchar acu ar rannchuidiú iomchuí an RRP le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an RRP leasaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an nGearmáin, lena n- áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, cuirtear san áireamh san RRP leasaithe na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh ó 2022 agus 2023.

(20) Go háirithe, cuirtear san áireamh i measúnú foriomlán an RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh ó 2022 agus 2023 a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an RRP leasaithe.

(21) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile tráth a cuireadh isteach an RRP leasaithe, measann sé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis an tríú habairt de mholadh 2 ó 2019 maidir leis na coinníollacha lena dtacaítear le fás pá níos airde a neartú.

(22) Áirítear leis an RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a chuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an nGearmáin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin, rannchuidítear, go háirithe, le scrogaill infheistíochta a laghdú agus leis an riarachán poiblí a nuachóiriú, chomh maith le dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Leis sin, rannchuidítear freisin le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hoideachas, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, cánachas saothair agus beartas sóisialta. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar freisin go rannchuideoidh an RRP leasaithe leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019, 2020, 2022 agus 2023, ar míchothromaíochtaí iad atá ann sa Ghearmáin, go háirithe maidir leis an mbarrachas mór leanúnach sa chuntas reatha, rud a léiríonn freisin infheistiú íseal i gcomórtas le coigiltis.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.4, a ghabhann leis, meastar go n- áiritheoidh leis an RRP leasaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear san RRP sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(24) Na leasuithe atá beartaithe ar an RRP, le modhnú na mbeart atá ann cheana nó le tabhairt isteach beart nua, ní dhéantar difear leo don mheasúnú dearfach ar an RRP bunaidh maidir leis an gcritéar measúnaithe sin. Maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua a tugadh isteach i gcaibidil REPowerEU, rinne an Ghearmáin measúnú córasach ar gach beart i gcoinne an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcomhréir leis an treoir theicniúil a sholáthraítear san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'[7]. Leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an RRP leasaithe nach ndéanfar dochar suntasach le haon bheart.

---

[6] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[7] IO C 58, 18.2.2012, lch. 1.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(26) Rannchuidíonn caibidil REPowerEU go héifeachtach le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, le glacadh hidrigine in-athnuaite nó saor ó iontaise a mhéadú, agus le dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241.

(27) Ina theannta sin, le caibidil REPowerEU rannchuidítear le laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh a dhreasú trí fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh, tríd an infheistíocht mhéadaithe atá beartaithe in athchóiriú foirgneamh (beart 7.1.1), i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241.

(28) Le caibidil REPowerEU, rannchuidítear freisin le haghaidh a thabhairt ar scrogaill tarchurtha agus dáilte fuinnimh inmheánacha agus trasteorann, le dlús a chur le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite agus le tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar, trí na hathchóirithe atá beartaithe ar fhuinneamh gaoithe ar tír agus amach ón gcósta (bearta 7.1.4 agus 7.1.5) agus leis an infheistíocht atá beartaithe i gclár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair (beart 7.1.2), i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/241.

(29) Rannchuidíonn caibidil REPowerEU freisin le tacú leis na cuspóirí thuas trí phleanáil a laghdú agus trí scrogaill i dtionscadail bhonneagair fuinnimh a cheadú, go háirithe hidrigin, tríd an infheistíocht atá beartaithe in ardán digiteach um cheadú (beart 7.1.3), i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241.

(30) Dá bhrí sin, tá na bearta i gcaibidil REPowerEU comhsheasmhach le hiarrachtaí na Gearmáine na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhaint amach. Go háirithe, leis na bearta sin rannchuidítear go mór le haghaidh a thabhairt ar tharchur fuinnimh inmheánach agus trasteorann, borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, glacadh hidrigine in-athnuaite agus giniúint agus úsáid eile fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, agus iompar astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn.

(31) Tá na bearta i gcaibidil REPowerEU comhsheasmhach freisin leis an RRP bunaidh, ós rud é go gcuireann bearta REPowerEU le hinfheistíochtaí sa RRP bunaidh, go háirithe iad siúd a bhaineann le bonneagar hidrigine agus iompar inbhuanaithe.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(32) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(33) De réir bhrí Rialachán leasaithe (AE) 2021/241, beart méadaithe 7.1.1 (Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh) agus beart 7.1.3 (Ardán digiteach chun dlús a chur le pleanáil agus formheas), agus dá bhrí sin, tá gné nó éifeacht trastíre nó ilnáisiúnta ag 100 % dá gcostais mheasta. Táthar ag súil le tionchar díreach trasteorann freisin leis an athchóiriú ar an Acht um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh (beart 7.1.4) agus ar an Acht um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta (beart 7.1.5). Rannchuideoidh na bearta sin i gcaibidil REPowerEU leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú (beart 7.1.1). Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil éifeacht dhearfach trasteorann ag na bearta, agus dá bhrí sin, ag caibidil REPowerEU ina hiomláine, mar a bunaíodh i dtreoir an Choimisiúin i gcomhthéacs REPowerEU. Le beagnach gach beart, rannchuidítear le héileamh agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Is ionann costais mheasta na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta acu agus 89,6 % de chostais iomlána mheasta chaibidil REPowerEU.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(34) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa RRP leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb ionann í agus 49,5 % de leithdháileadh iomlán an RRP (lena n-áirítear REPowerEU). Is ionann costais iomlána mheasta na mbeart a thacaíonn le cuspóirí aeráide agus 48,7 % de chaibidil REPowerEU. Rinneadh na sciaranna sin a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an RRP leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá i bplean náisiúnta fuinnimh agus aeráide na Gearmáine do 2021 go 2030.

(35) Leis an RRP leasaithe, méadaítear uaillmhian an RRP bunaidh ar an iomlán, maidir leis an aistriú glas. Snáithe cistiúcháin breise a chur san áireamh i mbeart 1.3.3 (Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh) agus a mhéadú i gcaibidil REPowerEU, mar aon le dhá athchóiriú nua a chur leis - 7.1.4 (An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh) agus 7.1.5 (An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta), neartaíonn siad go mór uaillmhian na Gearmáine maidir le gnéithe dícharbónaithe foirgneamh agus cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite. Ina theannta sin, bearta eile amhail iompar de bhóthar atá saor ó astaíochtaí a chur chun cinn (infheistíocht 7.1.2) agus tionscadail bhonneagair hidrigine atá beartaithe a éascú chun glan-neodracht gás ceaptha teasa a bhaint amach trí ardán digiteach ceadaithe, méadaíonn siad a rannchuidiú le hiarrachtaí na Gearmáine i dtreo iompar inbhuanaithe agus a bonneagair, chomh maith le dlús a chur le formheas tionscadal bonneagair hidrigine. Leis na bearta i gcaibidil REPowerEU, déantar gnéithe an aistrithe ghlais den RRP bunaidh a neartú. Mar shampla, d'fhéadfaí dlús a chur le tionscadail bhonneagair hidrigine den RRP bunaidh (comhchuid 1.1) tríd an ardán digiteach um cheadú a chuirtear isteach trí chaibidil REPowerEU.

(36) Leis na bearta i gcaibidil REPowerEU, méadaítear go suntasach rannchuidiú an RRP leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht. Meastar go laghdóidh bearta dá dtugtar tacaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleáin in earnálacha an fhuinnimh, an iompair agus na bhfoirgneamh. In earnáil an fhuinnimh, le maolú chur i bhfeidhm agus fhormheas na dtionscadal bonneagair hidrigine, chomh maith le hathchóirithe reachtacha lena gcuirtear deireadh le scrogaill ar aistriú na hearnála trí phróisis cheadaithe an Achta um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta agus an Achta um Fhuinneamh Gaoithe ar Talamh a chuíchóiriú, rannchuidítear le spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais a bhaint amach, agus le sprioc aeráide 2050. Le leathadh amach níos tapúla an bhonneagair hidrigine, is féidir dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an aistrithe ghlais in earnálacha an iompair agus na tionsclaíochta. In earnáil an iompair, rannchuidíonn caibidil REPowerEU leis an gcabhlach tráchtála a dhícharbónú. Ar deireadh, in earnáil na tógála, leis na bearta athchóirithe maidir le foirgnimh chónaithe agus suiteáil córas téimh in-athnuaite, beifear in ann éagsúlú a dhéanamh i dtreo fuinnimh níos inbhuanaithe agus ídiú fuinnimh a laghdú. Tá coinne leis go mbeidh comhthairbhe ag baint le formhór na mbeart ó thaobh na bithéagsúlachta de tríd an éifeacht a mheastar a bheidh acu ar astaíochtaí truailleán aeir a laghdú agus maolú ar an athrú aeráide.

(37) Léiríonn na bearta maidir le hidrigin inbhuanaithe go bhfuil na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a rannchuidíonn leis an aistriú glas comhlántach den chuid is mó agus gur cheart go n-oibreodh siad i gcomhar le hathchóirithe tábhachtacha ar an leibhéal náisiúnta sa Ghearmáin, amhail an Straitéis Náisiúnta Hidrigine. I measc cásanna eile tá éagsúlú soláthairtí fuinnimh, atá dírithe ar shlándáil fuinnimh a dhaingniú, an méadú ar sholáthar fuinnimh gaoithe chun cuidiú le praghsanna leictreachais a laghdú, agus an clár d'fhoirgnimh éifeachtúla chun rannchuidiú le fóntacht chomhshaoil, a bhfuil gach ceann acu ag teacht leis na cuspóirí uileghabhálacha beartais atá leagtha amach sa phlean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Cuireann an beart athchóirithe foirgneamh méadaithe le straitéis athchóirithe fhadtéarmach na Gearmáine freisin.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa RRP leasaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn leis na cuspóirí digiteacha le suim arb ionann í agus 47,6 % de leithdháileadh iomlán an RRP mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(39) Mar thoradh ar na leasuithe atá beartaithe ar an RRP bunaidh, tháinig laghdú beag ar chéatadán leithdháileadh iomlán an RRP a thacaíonn leis na cuspóirí digiteacha, ó 48,1 % go 47,5 %, i bhfianaise an laghdaithe ar an leithdháileadh iomlán chun tacú le printísigh (beart 4.1.3). Leis an RRP athbhreithnithe, leantar d'aghaidh a thabhairt ar dhigitiú an riaracháin phoiblí agus an oideachais, ar chlaochlú digiteach na seirbhísí sláinte agus na n-ospidéal, ar dhá IPCEI maidir le bonneagar néalríomhaireachta agus micrishliseanna, agus ar aistriú digiteach thionscal na ngluaisteán.

(40) Meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU leis an aistriú digiteach agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin trí rannchuidiú le digitiú córais riaracháin phoiblí i réimse na pleanála bonneagair agus an fhormheasa bhonneagair. I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) de Rialachán (AE) 2021/241, níl athchóirithe ná infheistíochtaí atá i gcaibidil REPowerEU le cur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an RRP á ríomh chun ceanglas na sprice digití a leagtar síos leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

***Tionchar*** marthanach

(41) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.7, a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an RRP leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an nGearmáin.

(42) Ní laghdaíonn an RRP leasaithe uaillmhian an RRP bhunaidh ina iomláine. Cuirtear san áireamh ann an staid eacnamaíoch le linn ghéarchéim COVID-19, suaitheadh sa slabhra soláthair, tionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le roinnt deacrachtaí dlíthiúla agus teicniúla gan choinne agus infhaighteacht roghanna malartacha níos fearr chun roinnt beart a chur chun feidhme. Áirítear leis freisin beart breise don RRP, agus caibidil nua REPowerEU a mheastar, sa bhreis ar na bearta atá ann cheana, go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha aici ar gheilleagar na Gearmáine agus go gcuirfidh sí borradh breise faoina aistriú glas. Go háirithe, meastar go mbeidh tionchar buan ag na bearta breise maidir leis an aistriú glas, le méaduithe marthanacha ar éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh, stoc feithiclí atá níos neamhdhíobhálaí don aeráid agus leathadh amach éascaithe giniúna cumhachta bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite ar talamh agus ar muir araon.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa RRP leasaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an RRP a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(44) Tá na socruithe atá beartaithe don RRP bunaidh fós i bhfeidhm agus ní dhéantar difear don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe seo. Tá an comhlacht comhordúcháin san Aireacht Chónaidhme Airgeadais agus sna haireachtaí líne freagrach as an RRP a chur chun feidhme go héifeachtach. Na socruithe éagsúla a cuireadh ar bun chun an RRP a cheapadh agus a chaibidliú agus chun a áirithiú go gcuirfear an plean chun feidhme go héifeachtúil agus go rialta, tá siad inchreidte ó thaobh an tsainordaithe dhlíthiúil agus an chumais riaracháin de. Comhdhéanann garspriocanna agus spriocanna an RRP córas iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an RRP. Tá na garspriocanna agus na spriocanna soiléir agus réalaíoch, agus tá na táscairí maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Tá na garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Na sásraí fíoraithe, an bailiú sonraí agus na freagrachtaí a dtugann údaráis na Gearmáine tuairisc orthu, is cosúil go bhfuil siad sách láidir chun údar cuí a thabhairt leis na hiarrataí ar eisíocaíocht ar bhealach leordhóthanach nuair a chomhlíontar go sásúil na garspriocanna agus na spriocanna.

***Costáil***

(45) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa RRP leasaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an RRP, tá an réasúnú sin meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(46) An fhaisnéis chostála a chuir an Ghearmáin ar fáil do bhearta 1.3.3 (Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh) agus 4.1.3 (tacaíocht phrintíseachta), agus do na bearta i gcaibidil REPowerEU, ní dhéanann sí difear do rátáil B den RRP bunaidh. Chuir an Ghearmáin faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir leis an infheistíocht mhéadaithe agus maidir leis an mbeart lena mbaineann costáil laghdaithe, chomh maith leis na trí infheistíocht i gcaibidil REPowerEU. Tá costais mheasta na n-infheistíochtaí sin i gcomhréir lena saghas agus lena gcineál agus tá fianaise costála agus anailís ábhartha ag gabháil leo. Costais an bhirt mhéadaithe a bhaineann le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh, costais an bhirt a bhaineann le hardán hidrigine atá bunaithe ar an intleacht shaorga agus costais an bhirt a bhaineann le feithiclí tromshaothair, tá údar maith leo, tá siad réasúnta agus inchreidte, agus ní áirítear leo costais a chumhdaítear le maoiniú eile de chuid an Aontais atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an RRP i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Comhleanúnachas an RRP***

(47) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear go mór (Rátáil A) san RRP leasaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(48) Mhol an Ghearmáin leasuithe ar thrí chomhchuid agus comhchuid nua (7.1), comhchuid REPowerEU, a chur leis. Ní athraíonn na leasuithe ar na comhchodanna atá ann cheana comhleanúnachas foriomlán RRP téarnaimh agus athléimneachta, agus an dóigh lena neartaítear na comhchodanna a chéile agus lena comhlánaítear a chéile leo á cur san áireamh. Leis an gcomhchuid bhreise a bhaineann le cuspóirí REPowerEU, cuirtear le comhleanúnachas foriomlán an RRP toisc go gcuimsítear léi bearta chun an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a threisiú tuilleadh agus chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Treisíonn na leasuithe a chéile agus comhlánaíonn siad a chéile.

***Aon*** chritéar measúnaithe ***eile***

(49) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ghearmáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an RRP a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (c) agus (i).

***An próiseas comhairliúcháin***

(50) Mar ullmhúchán do chaibidil REPowerEU, cuireann údaráis na Gearmáine in iúl go ndearnadh comhairliúcháin leis na *Länder*, leis na comhpháirtithe sóisialta, leis na heagraíochtaí leasa shóisialta agus le comhlachais chomhshaoil agus le linn plé comhpháirteach le comhpháirtithe sóisialta agus comhlachais chomhshaoil. Ina dhiaidh sin, rinne na húdaráis an t-aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin a chomhtháthú i ndréachtchaibidil REPowerEU. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa RRP leasaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

*Measúnú dearfach*

(51) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an RRP leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an RRP na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an RRP leasaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(52) Is é EUR 32 344 275 666 costais iomlán mheasta RRP na Gearmáine lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an RRP leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghearmáin, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh do RRP leasaithe na Gearmáine lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a bheith cothrom le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do RRP na Gearmáine lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Is ionann an méid sin agus EUR 28 018 501 973.

(53) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 30 Aibreán 2024 chuir an Ghearmáin iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin. Is é EUR 2 444 838 075 costais iomlána mheasta na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Ghearmáin, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Ghearmáin cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 2 086 423 922 atá sa mhéid sin.

(54) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755[8], an 27 Feabhra 2023, chuir an Ghearmáin iarraidh réasúnaithe isteach chun cuid dá raibh fágtha dá leithdháileadh sealadach a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, is é sin suim dar luach EUR 219 739 187, chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise.

(55) Is é EUR 30 324 665 082 an ranníocaíocht airgeadais iomlán ba cheart a bheith ar fáil don Ghearmáin.

(56) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[8] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, p. 1).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhormheas mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an RRP*

Formheastar an measúnú ar RRP leasaithe na Gearmáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin RRP, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an RRP agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ghearmáin i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 30 324 665 082*. Áirítear an méid seo a leanas sa ranníocaíocht sin:

(a) beidh suim EUR 16 291 323 631 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh suim eile EUR 11 727 178 342 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 2 086 423 922**, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f), den Rialachán sin;

(d) suim EUR 219 739 187, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Ghearmáin i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 2 250 000 000 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.',

---

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gearmáine de na speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gearmáine de na speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine.

Arna dhéanamh in/sa ...,...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*